



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2022–2023

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Eolaíocht Teastais Shingil: Bitheolaíocht

Aonad 1
Bonnsraith



[GSA11]

GSA11

DÉ CÉADAON 22 FEABHRA 2023, MAIDIN

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **8(a)**.

13895.02



24GSA1101

- 1 Is féidir le hathrú ar thosca stíle maireachtála agus ar thosca cothaithe an riosca a bhaineann le galar croí a laghdú.

- (a) Cuir tic (✓) taobh le gach ráiteas, sa tábla thíos, lena thaispeáint más toisc stíle maireachtála nó toisc chothaithe atá ann.

Tá an chéad cheann déanta duit.

Ráiteas	Toisc stíle maireachtála	Toisc chothaithe
aclaíocht a mhéadú	✓	
níos lú salainn a úsáid		
strus a laghdú		

[2]

- (b) Is toisc stíle maireachtála é caitheamh tobac a mhéadaíonn riosca na hailse.

- (i) Ainmnigh an tsubstaint i dtoit toitíní ar cúis í le hailse scamhóg.

Ciorclaigh do fhreagra.

tarra : aonocsaíd charbóin : nítrigin

[1]

- (ii) Ainmnigh an tsubstaint i dtoit toitíní a fhágann go bhfuil sé deacair éirí as caitheamh tobac. Mínigh cad chuige.

[2]





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

13895.02



24GSA1103

2 (a) Anseo thíos tá dhá mhodh frithghiniúna.

- (i) Bain úsáid as línte agus déan gach modh a nascadh leis an dóigh a gcoisceann sé toircheas.

Modh

An dóigh a gcoisceann an modh toircheas

coiscín



coisctear speirm ag dul isteach sa bhaineannach

piollaire frithghiniúnach



athraíonn sé leibhéal na hormón i mbaineannaigh

stophtar an babaí ag fás

[2]

- (ii) Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

meicniúil

ceimiceach

máinliach


Is sampla é steiriliú de mhodh _____ de

fhithghiniúint.

[1]



(b) Taispeánann an léaráid thíos babaí atá ag forbairt.



- (i) Bain úsáid as na litreacha **A**, **B**, **C**, nó **D** leis na codanna atá taispeánta ar an léaráid a ainmniú, leis an tábla thíos a chomhlánú. Tá ceann amháin déanta duit.

Ainm	Litir
placaint	B
sreabhán aimnianach	
ceirbheacs	

[2]

- (ii) Ainmnigh an chuid de chóras atáirgthe na mban ina bhforbraíonn babaí.

_____ [1]

- (iii) Cad chuige a moltar do bhean **gan** alcól a ól nuair atá sí torrach?

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



3 (a) Comhlánaigh na habairtí thíos faoi mhicrorgánaigh agus faoi ghalar.

Roghnaigh ó:

víris : baictéir : VEID : borrfhéist choise

Is cineál de ghalar é salmonella arb é _____ is cúis leis. Is féidir le fungais bheith ina gcúis fosta le galair cosúil le dúchan prátaí agus _____ . [2]

(b) Tugann na ráitis thíos na céimeanna a ghlacann an córas imdhíonachta leis an chorp a chosaint in éadan microrgánach, ach **níl** siad san ord cheart.

- A** ceanglaíonn antasubstaintí d'antaiginí ar an mhicrorgánach
- B** téann microrgánaigh isteach san fhuil
- C** bíonn microrgánaigh cuachta le chéile
- D** táirgeann fuilchealla bána antasubstaintí
- E** bíonn microrgánaigh slogtha agus díleáite

Bain úsáid as na litreacha **A, B, C, D** agus **E** agus cuir na céimeanna san ord cheart.

Tá an chéad cheann déanta duit.

B

[2]



- (c) (i) Ainmnigh an ceimiceán atá táirgthe ag fungais ar féidir é a úsáid le baictéir a mharú.

Ciorclaigh do fhreagra.

eatánól

antaibheathach


hormón

inslin

[1]

Cuireadh ceithre dhiosca páipéir ar maos le foirmeacha difriúla den cheimiceán seo agus cuireadh iad ar phláta agair a raibh baictéir ann. Fágadh an pláta agair i seomra te ar feadh trí lá.

Tá na torthaí taispeánta thíos.



- (ii) Cé acu diosca páipéir (A, B, C nó D) a raibh an fhoirm **is éifeachtaí** den cheimiceán seo ann? Mínigh do fhreagra.

Diosca páipéir _____

Míniú _____

[2]

[Tiontaigh an leathanach



- 4 (a) Tugann an tábla thíos faisnéis faoi roinnt cineálacha de bhia atá i riar 30 g de ghránach bricfeasta gan bhainne agus le bainne.

Cineálacha bia	Gránach gan bhainne	Gránach le bainne
saill	0.7 g	3.0 g
próitéin	1.5 g	6.0 g
cailciam	136 mg	288 mg
snáithín	0.6 g	0.6 g

Bain úsáid as an fhaisnéis seo agus as do chuid eolais féin leis na ceistanna seo a leanas a fhreagairt.

- (i) Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** don chorp, as gránach bricfeasta a ithe le bainne. Mínigh do fhreagra.

Buntáiste _____

Míniú _____

[2]

- (ii) Tá 0.6 g de shnáithín i ngránach. Cad é an fhaisnéis sa tábla a thaispeánann **nach bhfuil** snáithín ar bith i mbainne?


[1]

- (iii) Ríomh céatadán na **saille** atá i láthair sa bhainne a chuirtear leis an ghránach.

_____ g [1]



(b) D'úsáid dalta an modh seo a leanas le cruthú go bhfuil sailil i ngránach bricfeasta.



(i) Ainmnigh an t-imoibrí a chuirtear leis i **gcéim 3** a úsáidtear le tástáil a dhéanamh faoi choinne saille.

_____ [1]

(ii) Luaigh athrú datha an imoibrí seo i **gcéim 4** a thaispeánann go bhfuil sailil i láthair.

Trédhearcach go _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



- (c) Is cuid thábhachtach den aiste bhia s'againne é Vitimín D. Is foinse mhaith de vitimín D é iasc olúil, cosúil le scadán.

Taispeánann an tábla thíos mais na scadán a ghabh iascairí i dTuaisceart Éireann idir 2012 agus 2015.

Bliain	Mais na scadán a gabhadh / tona
2012	5100
2013	4600
2014	4100
2015	3400

- (i) Luaigh an treocht atá léirithe ag an fhaisnéis seo.

[1]

Is féidir le méadú ar mhéid an mhogaill i líonta iascaireachta dul i bhfeidhm ar mhais na scadán a ghabhtar.

- (ii) Luaigh **aon** athrú **amháin** eile ar mhodhanna iascaireachta a mhíneodh an treocht seo.

[1]





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)


[Tiontaigh an leathanach

13895.02




24GSA1111

- 5 (a) Taispeánann an léaráid thíos solas agus é ag soilsiú ar phéacán planda ó aon treo amháin.



Fágadh an péacán planda sa tsuíomh seo ar feadh 48 uair an chloig.

- (i) Cé acu léaráid **A**, **B**, **C** nó **D** a thaispeánann an chuma a bheidh ar an phéacán planda i ndiaidh 48 uair an chloig?



_____ [1]

- (ii) Ainmnigh an fhreagairt fáis planda seo ar sholas.

_____ [1]

- (iii) Míneigh ina iomláine an dóigh a mbaineann an planda tairbhe as an fhreagairt fáis seo.

_____ [2]



Is sampla é solas de thoisc aibitheach.


(b) Cad é a chiallaíonn an téarma **aibitheach**?

[1]

[Tiontaigh an leathanach



- 6 (a) Tá na céimeanna a bhaineann le freagairt dheonach Sheáin nuair a chuireann a mhúinteoir ceist air, taispeánta thíos.



- (i) Ainmnigh an t-éifeachtóir sa fhreagairt seo.

_____ [1]

- (ii) Comhlánaigh na habairtí seo thíos leis an dóigh a n-oibríonn lárchóras na néaróg a mhíniú.

Tá lárchóras na néaróg déanta den inchinn agus de

_____.

Comhordaíonn agus _____ sé na

freagairtí idir na gabhdóirí agus na héifeachtóirí ag úsáid ríoga

_____.

[3]



(b) Luaigh **dhá** dhifríocht idir frithluail (gníomhú athfhillteach) agus freagairt dheonach.

1. _____

2. _____

_____ [2]

(c) Modh eile cumarsáide sa chorp ná trí hormóin.

Ciorclaigh **dhá** ráiteas chearta thíos faoi hormóin.

maraíonn hormóin miocrorgánaigh

is hormón í inslin

hormóin is cúis le crapadh matán

taistealaíonn hormóin san fhuil

[2]

[Tiontaigh an leathanach



7 (a) Is struchtúir ghéiniteacha iad crómasóim a fhaightear i bpéirí feidhmiúla.

Taispeánann an tábla thíos líon na bpéirí crómasóim i gcúig speiceas dhifriúla.

Speiceas	Líon na bpéirí crómasóim
eallach	30
capall	32
caora	27
sicín	39
daoine	23

(i) Ríomh **líon iomlán** na gcrómasóm atá i láthair i gcapall.

_____ [1]

(ii) Shíl dalta dá mhéad atá speiceas forbartha gurb amhlaidh gur mó péirí crómasóim a bheas aige. Cad é an fhianaise sa tábla a thaispeánann **nach bhfuil** sé seo ceart?

_____ [1]



(b) Taispeánann an léaráid thíos an móilín as a bhfuil crómasóim déanta.



(i) Cad é an t-ainm a thugtar ar an mhóilín seo?

_____ [1]

(ii) Cad é an téarma a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar chruth an mhóilín seo?

_____ [1]

(iii) Ainmnigh an chuid de chill ina bhfaightear an móilín seo.

_____ [1]


[Tiontaigh an leathanach



- (c) Taispeánann an tábla thíos meánlíon na gcásanna de gach ailse, maidir le haoisghrúpaí difriúla, i dTuaisceart Éireann.

Aois / blianta	Meánlíon na gcásanna	
	Fireannach	Baineannach
35–39	80	130
40–44	115	190
45–49	200	320
50–54	350	480
55–59	540	580

Taispeánann an bharrachairt thíos an fhaisnéis maidir le hailsí na bhfireannach.



- (i) Breac na luachanna do **bhaineannaigh** leis an ghráf a chomhlánú. Tá an chéad cheann breactha duit.

[2]



(ii) Luaigh **dhá** thátal atá léirithe ag an fhaisnéis seo.

1. _____

2. _____

_____ [2]

(d) Cad é a chiallaíonn an téarma **ailse**?

_____ [1]

(e) Ainmnigh an toisc thimpeallachta ar cúis í le hailse **chraicinn**.

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



- 8 (a) Taispeántar thíos trí phíos a d'fhearas a d'fhéadfaí a úsáid le himscrúdú a dhéanamh ar éifeacht na haclaíochta ar ráta cuisle.

rópa scipeála



stopuaireadóir



monatóir ráta cuisle



Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh beirt daltaí an fearas seo a úsáid le fáil amach cé acu duine is aclaí trína rátaí cuisle **a chur i gcomparáid**.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- an dóigh a dtaispeánann na rátaí cuisle cé acu duine is aclaí;
- **aon** dóigh **amháin** a bhféadfaí an t-imscrúdú a dhéanamh bailí (triall chothrom); agus
- **aon** réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba chóir do na daltaí a ghlacadh.

Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintearmaí eolaíocha.



[6]

(b) Déanann an corp níos mó riospráide le linn aclaíochta.

(i) Comhlánaigh an chothromóid focal thíos do riospráid.

ocsaigin + → + uisce + fuinneamh

[2]

(ii) Comhlánaigh an abairt thíos faoi riospráid.

Scaoileann riospráid fuinneamh, ciallaíonn sé seo gur féidir cur síos a dhéanamh air mar imoibriú _____.

[1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

13895.02



24GSA1122



LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

13895.02



24GSA1123

Foinsí:
C2(a)(i) . . . © Getty Images
C2(b) © Getty Images
C3(c)(i). . . . Príomhscrúdaitheoir
C4(b) Príomhscrúdaitheoir
C4(c) © Crown Copyright.Marine Management Organisation - UK Sea Fisheries Statistics 2016 Full Report. Licensed under
Open Government Licence v3.0
C5(a) Príomhscrúdaitheoir
C7(b) © Getty Images
C7(c) Arna chur in oiriúint ó '© Data from Northern Ireland Cancer Registry, QUB
C8(a) © Getty Images

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

